**CINNEADH Uimh. 73/2021 ÓN GCOMHCHOISTE A BUNAÍODH FAOIN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE hAITHEANTAS FRITHPHÁIRTEACH IDIR AN COMHPHOBAL EORPACH AGUS STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ**

**an 8 Feabhra 2022**

**a bhaineann le Comhlachtaí um Measúnú Comhréireachta a liostú faoin Iarscríbhinn Earnála maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach (2022/370)**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le hAitheantas Frithpháirteach idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá agus go háirithe Airteagal 7 agus Airteagal 14 de;

De bhrí go bhfuil ar an gComhchoiste cinneadh a dhéanamh Comhlacht nó Comhlachtaí um Measúnú Comhréireachta a liostú faoi Iarscríbhinn Earnála;

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

1. Cuirtear na Comhlachtaí um Measúnú Comhréireachta i gceangaltán A le liosta na gComhlachtaí um Measúnú Comhréireachta faoin gcolún "Rochtain CE ar mhargadh na Stát Aontaithe" i Roinn V den Iarscríbhinn Earnála maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach.

2. Chomhaontaigh na Páirtithe na raonta feidhme sonracha chun liostú, i dtéarmaí táirgí agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, na gComhlachtaí um Measúnú Comhréireachta a léirítear i gCeangaltán A a dhéanamh agus coimeádfaidh na Páirtithe ar bun iad.

Déanfaidh ionadaithe an Chomhchoiste an Cinneadh seo, arna dhéanamh i ndúblach, a shíniú, ionadaithe atá údaraithe gníomhú thar ceann na bPáirtithe chun an Comhaontú a leasú. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón dáta is déanaí de na sínithe sin.

*Thar ceann Stáit Aontaithe Mheiriceá*

James C. SANFORD

*Arna shíniú in Washington, an 2 Feabhra 2022*

*Thar ceann an Aontais Eorpaigh*

Lucian CERNAT

*Arna shíniú sa Bhruiséil, an 8 Feabhra 2022*

Ceangaltán A

**Cuirtear Comhlachtaí CE um Measúnú Comhréireachta le liosta na gComhlachtaí um Measúnú Comhréireachta faoin gcolún "Rochtain CE ar mhargadh na Stát Aontaithe" i Roinn V den Iarscríbhinn Earnála maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach.**

**IBL-Lab GmbH**
**Heinrich-Hertz-Allee 7**
**66386 St. Ingbert**
**AN GHEARMÁIN**

**C.R.E.I. Ven S.c.r.a.l. Centro Ricerca Elettronica Industriale del Veneto**
**Corso Spagna 12,**
**35127 Padova**
**AN IODÁIL**